# Duilleog

**Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

Uimh. 17 Samhradh 2011

# Éigse Uladh 2011

## 13 - 15 Bealtaine - Gaoth Dobhair

### Téama "Scríbhinní Johnny Sheáin"




Máire Mhic Niallais leis an Dr Dónal Ó Baoill a d'oscail an Éigse





Ag foscladh na hÉigse



Clann Johnnie Sheáin ag an seoladh



Olive Uí Ghallchóir ag bronnadh an leabhar ar Mháire Thaidhg Sheáin neacht le Johnny Sheáin as an Machaire Loisce



Ainneoin go raibh an Éigse againn i mbliana i mí

Bhealtaine in áit mí Mhárta agus go raibh an téama áitiúil bhí suim mór ins an ócáid. Ba iad "Scríbhinní Johnny Sheáin" an téama agus ó oíche Aoine san Acadamh go Domhnach ach amháin an tsiúlóid i nGleann Bheatha nach raibh ann de bharr an lá a bheith fliuch, d'éirigh go maith leis na himeachtaí uilig.

Bhí oíche iontach phléisiúrtha in Ostán na Cúirte

Dé Sathairn nuair a sheol mac Johnny Sheáin An tAthair Seán Ó Gallchóir, Sagairt Paróiste Ghort a'Choirce an leabhar "Trasna an Ghaoith" atá curtha in eagar ag a mhac Noel Ó Gallchóir Príomh Óide Phobalscoil Ghaoth Dobhair. Cuireadh fáilte mhór roimh an teaghlach go háirid an tAthair Cathal atá anois i Meiriceá agus a dhán fada fa shaol Ghaoth Dobhair ó scríbhinní a athair.

Tá saibhreas Seanchais, Staire agus eolais sa leabhar a bhfuil 383 leathanach inti chomh maith le 3 dhlúth dhiosca agus neart pictiúirí.

Ar gcomhghairdeas le Noel agus leis an teaghlach uilig

# Lá Foscailte - 20 Aibreán 2011
























Ar iarratas ó Thadhg ó Conghaile, Bainisteoir Forbartha Pobail Údarás na Gaeltachta bhí dualgas ar na Comharchumainn Gaeltachta Lá Foscailte a bheith acú le go mbeadh an pobal ábalta theacht isteach agus eolas a fháil ar obair an Chomhar-chumainn.

Chuir na fiontair uilig atá sa Chrannóg ina measc Foras na Gaeilge a dtaispeántas féin ar fáil don lá chomh maith le ceol ón Chrann Óg.

D'éirigh go maith leis an chéad iarracht seo ar a leithid de ócáid.

# An Crann Óg sa Daingean








Bhí An Crann Óg i bhfad ó bhaile aimsir na Cásca i mí Aibreán nuair a chuaigh siad chuig an Fhéile Pan Cheilteach sa Daingean i gCiarraí. Bhain siad sult mór as an ócáid chultúrtha seo a bhíonn ar siúl achan bhliain ag na tíortha Ceilteach, ag ceiliúradh a dteanga agus a gcultúir.

Bhí an féile seo i mBaile Dhún an nGall i 2008 agus i Leitir Ceanainn 2007.









## FÉILE THRAIDISIÚNTA CHNOC FOLA 2011



CNOC FOLA, CO. DHÚN NA NGALL

Dé hAoine, 29 IÚIL—DÉ LUAIN, 1 LÚNASA 2011



## Trasna an Ghaoith

Scribhínní Johnny Sheáin

Curtha in eagar ag Noel Ó Gallchóir

Le fáil sna siopaí ar €25

# Campaí Samhraidh

| Campa Uirlisí Ceoil. | Campa Ceoil |
| --- | --- |
| Amhránaíocht & Spóirt | Spóirt & Spraoi |
| Aois 6—18 bl | Aois 4-6 bl |
| Ionad—Pobalscoil Ghaoth Dobhair | Ionad—An Chrannóg |


## Am 10.00.r.n. - 3.00.i.n.

4 Iúil go dtí
26 Lúnasa

Táille
☐30 páiste amháin
☐50 do bheirt
☐65 do thriúr

Tuilleadh eolais: (074) 9532208

*Á reáchtáil ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair*




# Trad Tráthnóna




**In**
**Ionad Cois Locha,**
**Dún Lúiche**
**Dé Máirt 5ú Iúil**

# Club 50

## Lá i nGleann Bheatha



